Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 21 Meitheamh 2022**
**(OR. en)**

**10498/22**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2022/0198(NLE)**

**ACP 82**
**FIN 688**
**PTOM 11**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 21 Meitheamh 2022 |
| chuig: | Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2022) 306 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir le leithdháileadh cistí saortha ó thionscadail faoin 10ú agus faoin 11ú Ciste Eorpach Forbraíochta chun críche gníomhaíochtaí maoinithe lena dtugtar aghaidh ar ghéarchéim na slándála bia agus ar an turraing eacnamaíoch i dtíortha san Afraic, i Muir Chairib agus san Aigéan Ciúin (ACC) tar éis chogadh foghach na Rúise in aghaidh na hÚcráine |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2022) 306 final.

---

Faoi iamh: COM(2022) 306 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 20.6.2022
COM(2022) 306 final

2022/0198 (NLE)

Togra le haghaidh

**CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le leithdháileadh cistí saortha ó thionscadail faoin 10ú agus faoin 11ú Ciste Eorpach Forbraíochta chun críche gníomhaíochtaí maoinithe lena dtugtar aghaidh ar ghéarchéim na slándála bia agus ar an turraing eacnamaíoch i dtíortha san Afraic, i Muir Chairib agus san Aigéan Ciúin (ACC) tar éis chogadh foghach na Rúise in aghaidh na hÚcráine**

## MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

### • Forais agus cuspóirí an togra

Tá staid na slándála bia ar domhan ag dul in olcas go tapa agus tá na tíortha is lú forbairt agus tríú tíortha ísealioncaim a bhfuil easpa bia orthu i measc na dtíortha a bhfuil difear á dhéanamh dóibh.

Roimh an ngéarú ar an neamhshlándáil bia ar fud an domhain mar thoradh ar chogadh foghach na Rúise in aghaidh na hÚcráine, bhí beagnach 193 mhilliún duine (beagnach 40 milliún duine níos mó ná an bhliain roimhe sin) i 53 thír/chríoch thíos go mór leis an neamhshlándáil bia agus bhí cabhair phráinneach de dhíth orthu. Mar thoradh ar chogadh foghach na Rúise in aghaidh na hÚcráine, tá laghdú suntasach tagtha ar sholáthar grán le margaí domhanda toisc go bhfuil bealaí na Mara Duibhe blocáilte, agus toisc go ndearnadh ionsaí d'aon ghnó ar stóir ghráin. Tá praghsanna domhanda bia ag ardú go tapa agus tá siad ar an leibhéal is airde le tríocha bliain anuas. Cuireann an méadú ar phraghsanna fuinnimh le praghsanna na n-ionchur talmhaíochta (leasacháin go háirithe), an iompair agus, i ndeireadh na dála, an bhia. Tá an t-ionchas maicreacnamaíoch ag dul in olcas mar gheall ar na harduithe sin ar phraghsanna i gcomhthéacs inar laghdaíodh an spás fioscach cheana féin le paindéim COVID-19. Mar thoradh air sin, d'fhéadfadh méadú eile teacht ar líon na dtíortha atá anásta de bharr fiachais agus/nó atá i ngéarchéimeanna maidir le comhardú na n-íocaíochtaí. Tá an staid i réigiúin leochaileacha ag éirí níos measa mar thoradh ar choinbhleachtaí agus triomaigh. Is iad na tíortha is lú forbairt agus na tíortha ísealioncaim na tíortha is leochailí. Mar a chonacthas le héirithe amach le blianta beaga anuas, is minic gurb í turraing i bpraghsanna bia is cúis le héagobhsaíocht agus le coinbhleacht.

Sna Conclúidí ón gComhairle Eorpach an 24-25 Márta[1], inar iarr sí ar an gCoimisiún tús áite a thabhairt don obair ar an tslándáil bia agus ar an inacmhainneacht bia ar fud an domhain, go háirithe trí thacú leis an tslándáil bia agus leis an talmhaíocht san Úcráin agus sna tríú tíortha is leochailí agus is neamhchosanta, cuirtear i dtábhacht an phráinn pholaitiúil chun tacú leis na tíortha is neamhchosanta. Ina dhiaidh sin, sna Conclúidí uaithi an 30-31 Bealtaine 2022[2], d'iarr an Chomhairle Eorpach ar an gCoimisiún féachaint an bhféadfaí cúlchistí ón gCiste Eorpach Forbraíochta a shlógadh chun tacú leis na tíortha comhpháirtíochta is mó atá buailte. Tá na cistí faoi cholún geografach na hIonstraime um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta - an Eoraip Dhomhanda[3] clársceidealaithe go hiomlán agus tá thart ar EUR 3 bhilliún dírithe cheana féin ar chláir thalmhaíochta, chothaithe, uisce agus shláintíochta. Ina theannta sin, leithdháileadh tuairim is EUR 520 milliún in 2022 ar thíortha san Afraic, i Muir Chairib agus san Aigéan Ciúin (ACC) faoin mbuiséad maidir le cabhair dhaonnúil, agus tá aghaidh á tabhairt ar neamhshlándáil bia agus ar riachtanais ghaolmhara le cuid mhór den bhuiséad sin. Mar sin féin, i bhfianaise mhéid na riachtanas agus na n-iarmhairtí féideartha, ba cheart maoiniú breise a shlógadh chun tacú le tíortha comhpháirtíochta. Tá infhaighteachtaí faoi bhuiséad an Aontais an-teoranta (úsáidfear an cúlchiste um dhúshláin agus tosaíochtaí atá ag teacht chun cinn den Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta - an Eoraip Dhomhanda ina iomláine in 2022 chun freagairt do thosaíochtaí práinneacha eile agus táthar ar tí buiséad tosaigh 2022 maidir le cabhair dhaonnúil a chur chun feidhme go hiomlán le haghaidh na slándála bia agus na riachtanas gaolmhar i dtíortha ACC a sainaithníodh sular roimh thús chogadh foghach na

[1] Conclúidí ón gComhairle Eorpach an 23-24 Márta 2022 (EUCO 1/22).
[2] Conclúidí ón gComhairle Eorpach an 30-31 Bealtaine 2022 (EUCO 21/22).
[3] IO L 209, 14.6.2021, lgh. 1-78.

Rúise san Úcráin), agus i bhfianaise an tionchair i dtíortha comhpháirtíochta ACC éagsúla, trí chistí saortha ón 10ú agus ón 11ú Ciste Eorpach Forbraíochta (CEF) a shlógadh, d'fhéadfadh an tAontas agus a Bhallstáit a bheith in ann cur lena dtacaíocht agus rannchuidiú leis na hiarrachtaí chun aghaidh a thabhairt ar ghéarchéim na slándála bia atá níos measa mar gheall ar chogadh foghach na Rúise in aghaidh na hÚcráine, trí chur chuige Fhoireann na hEorpa.

Is é is cuspóir don togra seo le haghaidh cinneadh ón gComhairle údarú na Comhairle a fháil chun cistí saortha ón 10ú agus ón 11ú CEF a úsáid chun gníomhaíochtaí a mhaoiniú lena dtugtar aghaidh ar ghéarchéim na slándála bia agus ar an turraing eacnamaíoch i dtíortha ACC tar éis chogadh foghach na Rúise in aghaidh na hÚcráine le méid suas le EUR 600 000 000, agus EUR 488 000 000 de sin ag teacht as an 10ú CEF agus EUR 112 000 000 ag teacht as an 11ú CEF.

As na cistí sin, rannchuideoidh suas le EUR 582 000 000 le gníomhaíochtaí a mhaoiniú agus cumhdóidh suas le EUR 18 000 000 an caiteachas tacaíochta arna thabhú ag an gCoimisiún.

Úsáidfear na cistí sin chun tairbhe na dtíortha comhpháirtíochta is mó atá buailte, agus tabharfar aird ar leith ar na tíortha is leochailí agus is neamhchosanta, go háirithe chun an méid seo a leanas a sholáthar:

- tacaíocht mhaicreacnamaíoch (EUR 100 milliún);
- tacaíocht do tháirgeadh bia agus d'athléimneacht na gcóras bia (EUR 350 milliún);
- cabhair dhaonnúil (EUR 150 milliún).

A mhéid a bhaineann leis an tacaíocht don táirgeadh bia agus d'athléimneacht na gcóras bia, tacóidh an tAontas le hinfheistíochtaí in acmhainneachtaí táirgeachta áitiúla mar chuid de chórais inbhuanaithe uisceacha agus agraibhia, bunaithe ar chineálacha cur chuige agrai-éiceolaíocha, lena n-áirítear luachshlabhraí talmhaíochta agus táirgeadh bia a éagsúlú. D'fhéadfaí na critéir seo a leanas a úsáid chun an chabhair a dhíriú ar thíortha roghnaithe:

- Leibhéil (leibhéil atá ag dul i méid) na gcomhpháirtithe maidir le neamhshlándáil bia agus míchothú;
- Neamhchosaint na gcomhpháirtithe ar iarmhairtí ionsaí na Rúise in aghaidh na hÚcráine, bunaithe go háirithe ar a sciar d'allmhairí bia ina OTI;
- Leochaileachtaí maicreacnamaíocha na gcomhpháirtithe, arbh fhéidir iad a bhunú ar bhonn a gcóimheas fiachais-OTI, cúlchistí idirnáisiúnta/míonna an chumhdaigh allmhairí agus rátáil Anailíse ar Inbhuanaitheacht an Fhiachais;
- Tionchar féideartha an chistithe ón Aontas i dtíortha comhpháirtíochta nó i réigiúin chomhpháirtíochta, arna mheasúnú go háirithe tríd an raon feidhme chun cur le hidirghabhálacha ábhartha lena gcuirtear feabhas ar an táirgeacht agus ar an athléimneacht.

Tacóidh gníomhaíochtaí a mhaoinítear faoin togra seo le Freagairt Dhomhanda an Aontais ar an tSlándáil Bia, a forbraíodh tar éis iarraidh a fháil ón gComhairle Eorpach[4]. Áirítear leis an bhFreagairt gníomhaíochtaí láithreacha agus meántéarmacha chun a léiriú do chomhpháirtithe ar fud an domhain go bhfuil tacaíocht chomhtháite, chuimsitheach agus ghasta á soláthar ag an Aontas chun aghaidh a thabhairt ar thionchar an chogaidh orthu. Le Freagairt Dhomhanda an Aontais ar an tSlándáil Bia, cuirtear na sraitheanna éagsúla gníomhaíochta i bhfeidhm –

[4] Conclúidí ón gComhairle Eorpach an 23-24 Márta 2022 (EUCO 1/22).

mar a fhoráiltear faoi FARM agus faoi Chomhaontas Domhanda G7 agus soláthraítear an tacaíocht is gá don Ghrúpa Freagartha um Ghéarchéimeanna de chuid na Náisiún Aontaithe.

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Tá an tAontas tiomanta don Sprioc Forbartha Inbhuanaithe (SDG) maidir le 'díothú an ocrais' (SGD2) a bhaint amach agus tá sé ag obair le comhpháirtithe chun dlús a chur le chéile le tacaíocht chun deireadh a chur leis an ocras, slándáil bia agus cothú feabhsaithe a bhaint amach, agus talmhaíocht inbhuanaithe a chur chun cinn. Déantar an méid sin a athdhearbhú sa Chomhdhearcadh Eorpach maidir le Forbairt[5]. Tá forbairt talmhaíochta agus tuaithe ríthábhachtach chun an bhochtaineacht a laghdú, borradh a chur faoin tslándáil bia agus cothaithe, fás eacnamaíoch a spreagadh, agus an comhshaol a chosaint, i gcomhthéacs an athraithe aeráide. Is féidir ról tábhachtach a bheith acu freisin maidir le comhionannas inscne a chur chun cinn agus mná agus cailíní a chumhachtú. Le cur chuige an Aontais maidir le SDG2 a bhaint amach, dírítear ar an méid seo a leanas: gníomhú chun feabhas a chur ar athléimneacht na ndaoine is leochailí in aghaidh géarchéimeanna bia, an míchothú a chomhrac agus cuidiú le sláinte cothúcháin agus folláine a chinntiú don ghlúin atá ann faoi láthair agus do na glúine atá le teacht agus infheistíochtaí freagracha a spreagadh agus tacú leis an nuálaíocht i gcórais talmhaíochta agus bhia.

Is éard atá i gceist le dul chun cinn a dhéanamh maidir le SDG2 go gcaithfear dul chun cinn a dhéanamh ar bhealach trasearnála i dtaca le roinnt Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe eile. Trí chuir chuige an chumarphointe a ghlacadh, ar cuir chuige iad lena ndéantar talamh (SDG15), uisce (SDG6) agus fuinneamh inbhuanaithe (SDG7) a nascadh le bia, le bainistíocht acmhainní nádúrtha a shineirgiú, leis an talmhaíocht agus an t-athrú aeráide (SDG13) nó 'daonnúlacht', 'forbairt' agus 'coinbhleacht/síocháin' a cheangail, neartaítear cuir chuige iomlánacha den chineál sin.

Spreagfar freagairt an Aontais ar ghéarchéim na slándála bia leis an gComhaontú Glas[6] agus leis na Straitéisí 'ón bhFeirm go dtí an Forc'[7], agus tógfar ar an gcur chuige maidir leis an gcumharpointe idir an daonnúlacht, an fhorbairt agus an tsíocháin. Tabharfar tacaíocht do thíortha a bhfuil dúshláin mhóra maidir leis an tslándáil bia rompu, do thíortha a ndéanann cogadh foghach na Rúise in aghaidh na hÚcráine difear diúltach dóibh agus do thíortha atá leochaileach ó thaobh na macraieacnamaíochta de agus nach bhfuil mórán maolán acu, nó nach bhfuil maolán ar bith acu, chun an staid a sheasamh.

Úsáidfear na cistí sin i gcomhréir leis na rialacha agus na nósanna imeachta is infheidhme maidir leis an 11ú CEF. Treiseoidh siad go háirithe gníomhaíochtaí atá ar siúl nó gníomhaíochtaí nua lena dtabharfar aghaidh ar shaincheisteanna slándála bia i dtíortha ACC. Beidh cistí atá saortha ó na gníomhaíochtaí a mhaoineofar tar éis an Chinnidh seo fós ina n-acmhainn den CEF tionscnaimh.

---

5 An Comhdhearcadh nua Eorpach maidir le Forbairt, 'Our world, our dignity, our future' [Ár Saol, Ár nDínit, Ár dTodhchaí] – Ráiteas Comhpháirteach ón gComhairle agus ó Ionadaithe Rialtais na mBallstát ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle, ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gCoimisiún Eorpach, 2017( IO C 210, 30.6.2017).

6 Teachtaireacht ón gCoimisiún Eorpach chuig Parlaimint na hEorpa, chuig Comhairle na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún 'An Comhaontú Glas don Eoraip' an 11 Nollaig 2019, COM(2019) 640 final.

7 Teachtaireacht ón gCoimisiún Eorpach chuig Parlaimint na hEorpa, chuig Comhairle na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún 'Straitéis ón bhFeirm go dtí an Forc le haghaidh córas bia atá cothrom, sláintiúil agus neamhdhíobhálach don chomhshaol' an 20 Bealtaine 2020, COM(2020) 381 final.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Úsáidfear na gníomhaíochtaí a mhaoinítear faoi na cistí sin i gcomhsheasmhacht agus i gcomhlántacht iomlán le gníomhaíochtaí eile i réimse na slándála bia, go háirithe gníomhaíochtaí a bhaineann leis an gcabhair dhaonnúil chomh maith le gníomhaíochtaí leanúnacha ón 11ú CEF agus gníomhaíochtaí a mhaoinítear faoin Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta-an Eoraip Dhomhanda. Cuirfear an chomhpháirt maidir le táirgeadh bia agus athléimneacht na gcóras bia chun feidhme go háirithe trí chur leis na gníomhaíochtaí atá ann cheana.

## 2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

Airteagal 1(4) agus (5) den 11ú Comhaontú Inmheánach CEF[8].

Is leis an 11ú Comhaontú Inmheánach CEF a bhunaítear CEF agus foráiltear leis go bhféadfaí cistí saortha a úsáid, má chinneann an Chomhairle amhlaidh d'aon toil[9].

- **An rogha ionstraime**

Ba é CEF an phríomhfhoinse cistiúcháin do thíortha ACC go dtí deireadh 2020 agus maoiníodh roinnt gníomhaíochtaí leanúnacha a thugann aghaidh ar an tslándáil bia le cistí CEF.

Faoi Chreat Airgeadais Ilbhliantúil 2021-2027, maoinítear comhar le tíortha ACC ó bhuiséad an Aontais tríd an Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta-an Eoraip Dhomhanda.

I bhfianaise líon na riachtanas geopholaitiúil práinneach i gcomhthéacs lamháil theoranta inlíochta chun cistiú breise a shlógadh laistigh de bhuiséad an Aontais, meastar gurb é an bealach is éifeachtaí chun dlús a chur le gníomhaíocht an Aontais mar fhreagairt ar an ngéarchéim bhia úsáid a bhaint as cistí saortha ón 10ú agus ón 11ú CEF, agus rialacha agus nósanna imeachta CEF á n-úsáid ag an am céanna.

I gcomhréir le hAirteagal 1(4) agus (5) den 11ú Comhaontú Inmheánach CEF, cinneann an Chomhairle ar thogra ón gCoimisiún.

## 3. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Níl aon impleacht bhuiséadach ar bhuiséad an Aontais. Níl CEF ina chuid de bhuiséad AE.

---

8 Comhaontú Inmheánach idir Ionadaithe Rialtais Bhallstáit an Aontais Eorpaigh, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle, maidir le cabhair ón Aontas Eorpach a mhaoiniú faoin gcreat airgeadais ilbhliantúil don tréimhse 2014 go 2020, i gcomhréir le Comhaontú Comhpháirtíochta ACC-AE, agus maidir le cúnamh airgeadais a leithdháileadh do na Tíortha agus Críocha Thar Lear a bhfuil feidhm ag Cuid a Ceathair den Chomhaontú ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh maidir leo (IO L 210, 6.8.2013, lch. 1).

9 Airteagal 1(4) agus (5) den 11ú Comhaontú Inmheánach CEF agus Airteagal 55 de Rialachán (AE) 2018/1877 ón gComhairle an 26 Samhain 2018 maidir leis an rialachán airgeadais is infheidhme maidir leis an 11ú Ciste Eorpach Forbraíochta.

## 4. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

I dtaca le socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe, is éard atá iontu na socruithe is infheidhme maidir leis an 11ú CEF agus na socruithe dá bhforáiltear sna gníomhartha cur chun feidhme ábhartha.

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

Le hAirteagal 1(1) den togra, foráiltear go leithdháilfear cistí saortha suas le huasmhéid EUR 600 000 000 ó thionscadal faoin 10ú agus faoin 11ú CEF chun críche gníomhaíochtaí maoinithe lena dtabharfar aghaidh ar ghéarchéim na slándála bia.

Le hAirteagal 1(2), foráiltear go leithdháilfear uasmhéid EUR 18 000 000 den mhéid faoi mhír (1) ar an gCoimisiún le haghaidh caiteachas tacaíochta chun na costais dá bhforáiltear in Airteagal 6 den 11ú Comhaontú Inmheánach CEF a chumhdach. Ríomhtar é sin trí chóimheas (3 %) a úsáid faoin gcóimheas dá bhforáiltear do bhainistíocht chistí an 11ú CEF in Airteagal 1(2) (a) den 11ú Chomhaontú Inmheánach CEF (3.45 %).

Foráiltear le hAirteagal 1(3) go mbeidh feidhm ag rialacha an 11ú CEF mar a leagtar amach sna Rialacháin Cur Chun Feidhme agus Airgeadais[10].

Déantar foráil le hAirteagal 2 maidir le dáta teacht i bhfeidhm an chinnidh.

[10] Rialachán (AE) 2015/322 ón gComhairle an 2 Márta 2015 maidir le cur chun feidhme an 11ú Ciste Eorpach Forbraíochta (IO L 58, 3.3.2015, lgh. 1–16) agus Rialachán (AE) 2018/1877 ón gComhairle an 26 Samhain 2018 maidir leis an rialachán airgeadais is infheidhme i leith an 11ú Ciste Eorpach Forbraíochta (IO L 307, 3.12.2018, lgh. 1–21).

2022/0198 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

## maidir le leithdháileadh cistí saortha ó thionscadail faoin 10ú agus faoin 11ú Ciste Eorpach Forbraíochta chun críche gníomhaíochtaí maoinithe lena dtugtar aghaidh ar ghéarchéim na slándála bia agus ar an turraing eacnamaíoch i dtíortha san Afraic, i Muir Chairib agus san Aigéan Ciúin (ACC) tar éis chogadh foghach na Rúise in aghaidh na hÚcráine

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint don Chomhaontú Inmheánach idir Ionadaithe Rialtais Bhallstáit an Aontais Eorpaigh, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle, maidir le cabhair ón Aontas Eorpach a mhaoiniú faoin gcreat airgeadais ilbhliantúil don tréimhse 2014 go 2020, i gcomhréir le Comhaontú Comhpháirtíochta ACC-AE, agus maidir le cúnamh airgeadais a leithdháileadh ar na Tíortha agus na Críocha Thar Lear a bhfuil feidhm ag Cuid a Ceathair den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh maidir leo([11]) (an Comhaontú Inmheánach), agus go háirithe Airteagail 1 (4) agus (5) de,,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tar éis chogadh foghach na Rúise in aghaidh na hÚcráine, tá staid na slándála bia ar domhan ag dul in olcas go tapa agus tá na tíortha is lú forbairt agus tríú tíortha ísealioncaim a bhfuil easpa bia orthu i measc na dtíortha a bhfuil difear á dhéanamh dóibh.

(2) Tá EUR 3 bhilliún clársceidealaithe cheana féin faoi cholún geografach na hIonstraime um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta - an Eoraip Dhomhanda[12]. As an méid sin, tá EUR 2.3 billiún clársceidealaithe i dtíortha ACC chun gníomhaíochtaí talmhaíochta, cothaithe, uisce agus sláintíochta a mhaoiniú idir 2021 agus 2024. I bhfianaise mhéid na riachtanas agus na n-iarmhairtí a bhfuil coinne leo, ba cheart acmhainní breise a shlógadh chun tacú leis na tíortha comhpháirtíochta is mó a ndéantar difear dóibh.

(3) Tá an tAontas ar tí an buiséad tosaigh maidir le cabhair dhaonnúil a chur chun feidhme go hiomlán le haghaidh na slándála bia agus na riachtanas gaolmhar i dtíortha ACC a sainaithníodh roimh thús chogadh foghach na Rúise san Úcráin. I bhfianaise drochstaid eisceachtúil na slándála bia i dtíortha ACC, ní mór na cistí sin a chomhlánú le hacmhainní iomchuí chun freagairt don ghéarú breise ar na riachtanais dhaonnúla agus chun leanúnachas an chomhair a áirithiú ó dhálaí géarchéime go dálaí seasta le haghaidh forbartha.

[11] IO L 210, 6.8.2013, lch. 1.
[12] IO L 209, 14.6.2021, lgh. 1–78.

(4) Sna Conclúidí uaithi an 24-25 Márta 2022, d'iarr an Chomhairle Eorpach ar an gCoimisiún tús áite a thabhairt don obair ar an tslándáil bia agus ar an inacmhainneacht bia ar fud an domhain, go háirithe trí thacú leis an tslándáil bia agus leis an talmhaíocht san Úcráin agus sna tríú tíortha is leochailí agus is neamhchosanta.

(5) Sna Conclúidí uaithi an 30-31 Bealtaine 2022, d'iarr an Chomhairle Eorpach ar an gCoimisiún féachaint an bhféadfaí cúlchistí ón gCiste Eorpach Forbraíochta a shlógadh chun tacú leis na tíortha comhpháirtíochta is mó atá buailte.

(6) I bhfianaise an tionchair shuntasaigh ar thíortha comhpháirtíochta ACC, trí chistí saortha ón 10ú agus ón 11ú Ciste Eorpach Forbraíochta a shlógadh, ba cheart go gcuirfí ar a gcumas don Aontas agus dá Bhallstáit dlús a chur lena bhfreagairt ar an ngéarchéim.

(7) Ba cheart do na cistí sin gníomhaíochtaí a mhaoiniú d'fhonn tacaíocht a thabhairt do tháirgeadh bia agus d'athléimneacht na gcóras bia, cabhair dhaonnúil, agus tacaíocht mhaicreacnamaíoch, lena n-áirítear caiteachas tacaíochta dá dtagraítear in Airteagal 6 den Chomhaontú Inmheánach.

(8) De bhun Airteagal 153 den Chomhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach([13]), ní dhéanfar sciar na Ríochta Aontaithe de na cistí sin a athúsáid.

(9) Ba cheart na cistí a úsáid i gcomhréir leis na rialacha agus na nósanna imeachta is infheidhme maidir leis an 11ú CEF, mar a leagtar amach i Rialachán (AE) 2015/322 ón gComhairle an 2 Márta 2015 maidir leis an 11ú Ciste Eorpach Forbraíochta a chur chun feidhme, agus i Rialachán (AE) 2018/1877 ón gComhairle an 26 Samhain 2018 maidir leis an rialachán airgeadais is infheidhme maidir leis an 11ú Ciste Eorpach Forbraíochta,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Déanfar méid suas le EUR 600 000 000 ó na cistí saortha ó thionscadail faoin 10ú agus faoin 11ú Ciste Eorpach Forbraíochta a leithdháileadh chun críche gníomhaíochtaí maoinithe lena dtugtar aghaidh ar ghéarchéim na slándála bia agus ar an turraing eacnamaíoch i dtíortha ACC tar éis chogadh foghach na Rúise in aghaidh na hÚcráine.

As an méid sin, déanfar suas le EUR 18 000 000 a leithdháileadh le haghaidh caiteachas tacaíochta arna thabhú ag an gCoimisiún.

Ba cheart na cistí sin a úsáid le haghaidh gealltanais airgeadais i gcomhréir leis na rialacha agus na nósanna imeachta is infheidhme maidir leis an 11ú Ciste Eorpach Forbraíochta, mar a leagtar amach i Rialachán (AE) 2015/322 ón gComhairle an 2 Márta 2015 maidir leis an 11ú Ciste Eorpach Forbraíochta a chur chun feidhme, agus i Rialachán (AE) 2018/1877 ón gComhairle an 26 Samhain 2018 maidir leis an rialachán airgeadais is infheidhme maidir leis an 11ú Ciste Eorpach Forbraíochta.

---

13 IO L 29, 31.1.2020, lch. 7.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis an lae a ghlacfar é.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*